**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta*

**2020/2223(INI)**

17.12.2020

# DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an Tuarascáil Bhliantúil ar Bheartas Iomaíochta AE
(2020/2223(INI))

An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

Rapóirtéir: Derk Jan Eppink

PR_INI

## CLÁR

**Leathanach**

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA .....................................3

## TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an Tuarascáil Bhliantúil ar Bheartas Iomaíochta AE**
**(2020/2223(INI))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus go háirithe Airteagail 101 go 109 de,

– ag féachaint do na rialacha, na treoirlínte, na rúin, na comhairliúcháin phoiblí, na teachtaireachtaí agus na doiciméid ábhartha ón gCoimisiún maidir leis an iomaíocht,

– ag féachaint do thuarascáil ón gCoimisiún an 9 Iúil 2020 maidir le Beartas Iomaíochta 2019 (COM(2020)0302) chomh maith leis an doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin ón dáta céanna atá ag gabháil leis,

– ag féachaint do rún uaithi an 18 Iúil 2020 maidir leis an Tuarascáil Bhliantúil ar Bheartas Iomaíochta AE[1],

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 10 Márta 2020 dar teideal *A New Industrial Strategy for Europe* [Straitéis Thionsclaíoch Nua don Eoraip] (COM(2020)0102),

– ag féachaint do theachtaireachtaí ón gCoimisiún an 19 Márta 2020, an 4 Aibreán 2020, an 13 Bealtaine 2020 agus an 2 Iúil 2020 maidir le Creat Sealadach um Bearta Státchabhrach chun tacú leis an ngeilleagar i ráig reatha COVID-19, agus ag féachaint do na leasuithe orthu ina dhiaidh sin[2],

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2020 dar teideal *Guidelines on certain State aid measures in the context of the system for greenhouse gas emission allowance trading post 2021* [Treoirlínte i ndáil le bearta áirithe Státchabhrach i gcomhthéacs an chórais maidir le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa tar éis 2021] (C(2020)6400 final),

– ag féachaint do Pháipéar Bán ón gCoimisiún an 17 Iúil 2020 *on levelling the playing field as regards foreign subsidies* [maidir le cothrom na Féinne a bhaint amach i ndáil le fóirdheontais eachtracha][3],

– ag féachaint do Thuarascáil Speisialta 24/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) dar teideal *The Commission's EU merger control and antitrust proceedings: a need to scale up market oversight* [Imeachtaí an Choimisiúin um rialú cumasc agus in aghaidh trustaí in AE: an gá atá le huas-scálú ar mhaoirseacht margaidh][4],

---

[1] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0158.
[2] https://ec.europa.eu/competition/state_aid/what_is_new/covid_19.html
[3] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/ALL/?uri=COM:2020:253:FIN
[4]

– ag féachaint don aitheasc ar Staid an Aontais a thug Uachtarán an Choimisiúin, Ursula von der Leyen, an 16 Meán Fómhair 2020,

– ag féachaint do na freagraí i scríbhinn agus ó bhéal a thug Margrethe Vestager, ar Choimisinéir ainmnithe ag an am í, ag an éisteacht a thug Parlaimint na hEorpa an 8 Deireadh Fómhair 2019,

– ag féachaint do ráiteas comhpháirteach ón nGréasán Eorpach Iomaíochta (ECN) an 23 Márta 2020 maidir le dlí na hiomaíochta a chur i bhfeidhm le linn ghéarchéim an Choróinvíris[5],

– ag féachaint do thuarascáil an 4 Aibreán 2019 ó shaineolaithe ardleibhéil an Choimisiúin dar teideal *Competition policy for the digital era* [Beartas iomaíochta don ré dhigiteach][6],

– ag féachaint do na conclúidí ón gcruinniú urghnách den Chomhairle Eorpach an 1 agus an 2 Deireadh Fómhair 2020,

– ag féachaint do na himeachtaí sibhialta in aghaidh trustaí a chomhdaigh Roinn Dlí agus Cirt na Stát Aontaithe i gcoinne Google an 20 Deireadh Fómhair 2020 as monaplacht a choinneáil go neamhdhleathach, de shárú ar dhlíthe na Stát Aontaithe in aghaidh trustaí, i seirbhísí cuardaigh ghinearálta agus i bhfógraíocht ar innill chuardaigh[7],

– ag féachaint do thuarascáil ón bhFochoiste in aghaidh trustaí i gCoiste Breithiúna Theach SAM an 6 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal *Investigation of Competition in the Digital Marketplace: Majority Staff Report and Recommendations* [Imscrúdú ar Iomaíocht sa Mhargadh Digiteach: Tuarascáil agus Moltaí Foirne an Tromlaigh][8],

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0000/2020),

A. de bhrí go bhfuil beartas iomaíochta AE ceaptha geilleagar margaidh oscailte a choinneáil ar bun le hiomaíocht atá saor, cóir agus éifeachtach, agus atá fabhrach do leithdháileadh éifeachtúil acmhainní;

B. de bhrí go ndeachaigh an Coimisiún i ngleic le ráig ghéarchéim COVID-19 gan mhoill trí rialacha speisialta iomaíochta a ghlacadh, ar rialacha iad ar cheart dóibh a bheith sealadach i gcónaí;

C. de bhrí go bhfuil sé riachtanach rialacha iomaíochta an Aontais agus a chuid beartas maidir le tionsclaíocht agus le trádáil idirnáisiúnta a thabhairt chun réitigh ar bhealach cliste chun gníomhaíochtaí de chuid an tslabhra luacha a chur ar bun sa bhaile an athuair agus chun iomaíochas domhanda a threisiú;

---

[5] https://ec.europa.eu/competition/ecn/202003_joint-statement_ecn_corona-crisis.pdf
[6] https://ec.europa.eu/competition/publications/reports/kd0419345enn.pdfl
[7] https://www.justice.gov/opa/press-release/file/1328941/download
[8] https://int.nyt.com/data/documenttools/house-antitrust-report-on-big-tech/b2ec22cf340e1af1/full.pdf

D. de bhrí go bhfuil an chuid is mo de na tairsí atá ag tomhaltóirí chun an idirlín teoranta do líon an-bheag éiceachóras digiteach agus ardán mór;

*Breithnithe ginearálta*

1. á thabhairt chun suntais, maidir le beartas iomaíochta arb é is aidhm dó cothrom na Féinne a áirithiú i ngach earnáil, nuálaíocht a spreagadh agus níos mó roghanna a thabhairt do thomhaltóirí, go bhfuil sé ríthábhachtach chun feidhmiú cuí an mhargaidh aonair a ráthú;

2. á chreidiúint gur féidir rannchuidiú go mór le príomhthosaíochtaí polaitiúla ach rialacha iomaíochta AE a bheith á bhforfheidhmiú ar bhealach docht agus neamhchlaonta ag údaráis iomaíochta neamhspleácha; ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé sin i ndálaí géarchéime;

3. á mheas go mbítear ag brath freisin ar an dumpáil shóisialta a bheith á comhrac go cinntitheach agus go héifeachtach chun cothrom na Féinne a áirithiú do ghnóthais sa mhargadh aonair;

4. á thabhairt chun suntais go bhféadfaí, le hualaí cánach iomarcacha, nuálaíocht a phlúchadh agus iniomaíocht na margaí a chur i gcontúirt, go háirithe i gcás FBManna;

*Freagairtí beartais ar COVID-19*

5. á chur in iúl gur geal léi gur glacadh Creat Sealadach le haghaidh bearta Státchabhrach, a bunaíodh mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19;

6. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit treochlár iar-COVID-19 a sheoladh chun Státchabhair a laghdú agus chun í a spriocdhíriú ar bhealach níos fearr;

7. ag athdhearbhú na tosaíochta atá ann a áirithiú go gcloítear le rialacha Státchabhrach go docht agus go neamhchlaonta, lena n-áirítear tráth a bheifear ag déileáil le géarchéimeanna baincéireachta amach anseo, ionas go gcosnófar cáiníocóirí ar ualach na dtarrthálacha bainc;

8. á iarraidh go ndéanfar machnamh ar shaobhadh iomaíochta a d’fhéadfadh teacht chun cinn ó chlár ceannaithe an Bhainc Cheannais Eorpach d’éigeandáil na paindéime (PEPP) agus ó chlár ceannaigh na hearnála corparáidí (CSPP);

*An ghné dhomhanda*

9. ag cur béim ar a thábhachtaí atá idirphlé agus comhar domhanda maidir le forfheidhmiú beartais iomaíochta;

10. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an iomaíocht státmhaoinithe shaobhach atá ar bun ag gnóthais de chuid na Síne agus ag gnóthais eachtracha eile a dhéanann gnóthais Eorpacha, go háirithe iad siúd atá gníomhach i dteicneolaíochtaí nuálacha, a eádáil;

11. á chur in iúl gur geal léi Páipéar Bán an Choimisiúin maidir le cothrom na Féinne a bhaint amach i ndáil le fóirdheontais eachtracha;

12. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go bhfuil beartais agus infheistíochtaí spriocdhírithe de dhíth ar an Aontas agus ar na Ballstáit chun ationsclú a dhéanamh agus chun poist agus gníomhaíochtaí slabhra luacha a chur ar bun sa bhaile an athuair;

13. á iarraidh ar an gCoimisiún spleáchais straitéiseacha a shainaithint, go háirithe in éiceachórais thionsclaíocha íogaire, agus bearta a mholadh chun iad sin a laghdú, lena n-áirítear trí shlabhraí táirgthe agus soláthair a éagsúlú, trí tháirgeadh agus infheistíocht san Eoraip a chothú, agus trí stoc-charnadh straitéiseach a áirithiú;

14. ag tacú le seiceáil chríochnúil Státchabhrach ar ghnóthais ó thríú tíortha a áireamh i rialacha iomaíochta AE, agus á chur i bhfáth, ag an am céanna, nach mór don Aontas leanúint de bheith oscailte d’infheistíochtaí díreacha eachtracha atá i gcomhréir lena chreat dlíthiúil;

*Beartas iomaíochta sa ré dhigiteach*

15. á chur in iúl gur geal léi díograis an Choimisiúin aghaidh a thabhairt ar théarmaí agus cleachtais éagóracha, gníomhú go cinntitheach, agus fáil réidh le bacainní neamhdhlisteanacha ar iomaíocht ar líne i margadh aonair digiteach na hEorpa;

16. á mheas, cé go n-aithníonn sí na hiarrachtaí atá déanta, nár tugadh aghaidh ar bhealach leordhóthanach go dtí seo ar fhadhbanna atá nasctha leis an gceannas iomarcach atá ag gnóthais teicneolaíochta mhóra sa mhargadh agus gur gá na fadhbanna sin a réiteach mar ábhar práinne;

17. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go mb'fhéidir go mbeidh gá le huirlisí nua iomaíochta le dul i ngleic le fadhbanna struchtúracha iomaíochta ar fud na margaí digiteacha, ar fadhbanna iad nach féidir leis na rialacha atá ann faoi láthair aghaidh a thabhairt orthu ar an mbealach is éifeachtaí;

18. á iarraidh ar an gCoimisiún tograí a bhreithniú chun toirmeasc a chur ar ardáin a bheith ag gabháil d'fhéintosaíocht nó a bheith ag oibriú i réimeanna gnó atá spleách ar an ardán nó a idiroibríonn leis, chomh maith le hiallach a chur ar ardáin a seirbhísí a chomhoiriúnú le gréasáin atá in iomaíocht leo, ar mhaithe le hidir-inoibritheacht agus iniomparthacht sonraí;

19. á mheas go bhfuil díchuachadh struchtúrach na monaplachtaí Mórtheicneolaíochta inmhianaithe chun iomaíocht a athbhunú i margaí digiteacha;

20. á chur in iúl go bhfuil sí ag súil le tograí an Choimisiúin le haghaidh Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha agus le haghaidh Gníomh um Margaí Digiteacha;

21. á mheas gur cheart go mbeadh ról gníomhach ag an bParlaimint sa díospóireacht pholaitiúil ar bheartas iomaíochta, lena n-áirítear trí éisteacht phoiblí a eagrú le POFanna GAFA (Google, Amazon, Facebook, Apple);

22. á chur i bhfáth go bhfuil sé tábhachtach cuidiú le tomhaltóirí agus le húsáideoirí níos mó smacht a fháil ar a gcuid sonraí féin agus ar a gcéannacht féin, agus freagracht a ghlacadh as an méid sin, agus á iarraidh go dtabharfar ardleibhéal cosanta do shonraí pearsanta agus leibhéil trédhearcachta agus chuntasachta na seirbhísí digiteacha á méadú ag an am céanna;

23. á iarraidh go bhfeabhsófar toilleadh bonneagair an Aontais in earnálacha digiteacha criticiúla;

24. á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go bhfuil coincheap na 'mí-úsáide ceannasachta' agus prionsabal na 'saoráidí riachtanacha' fós oiriúnach dá bhfeidhm sa ré dhigiteach;

25. á mheas nach mór cosaint príobháideachais agus sonraí pearsanta, prionsabal an neamh-idirdhealaithe, an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus an tsaoráil faisnéise a chur i gcroílár beartais rathúil mharthanaigh de chuid AE maidir le seirbhísí digiteacha;

*Rialú Státchabhrach*

26. ag tabhairt dá haire gur cuid lárnach den bheartas iomaíochta é an beartas Státchabhrach agus gur léiriú é rialú Státchabhrach ar an ngá atá le cothrom na Féinne a choinneáil do gach gnóthas a dhéanann gníomhaíochtaí sa mhargadh aonair;

27. á iarraidh ar an gCoimisiún breithniú cúramach a dhéanamh ar earnálacha atá ina mbunús le go leor tionscal eile, agus freisin ar shlabhra luacha sóisialta agus eacnamaíoch an Aontais; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhféadfadh sé go gcuirfí iomaíochas idirnáisiúnta an Aontais i mbaol dá ndéanfaí líon ró-mhór earnálacha den sórt sin a eisiamh ó incháilitheacht le haghaidh Státchabhrach, lena n-áirítear trí na treoirlínte athbhreithnithe Státchabhrach de chuid chóras trádála astaíochtaí AE;

28. á chur in iúl gur cúis imní di gur próiseas fada, anásta fós é Státchabhair neamhdhleathach a aisghabháil;

***Rialú cumaisc, imeachtaí in aghaidh trustaí agus cairtéil***

29. á chur in iúl gur geal léi an gealltanas a thug an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar Fhógra 97/C 372/03 maidir leis an sainmhíniú ar mhargadh ábhartha i bhforfheidhmiú an Choimisiúin ar chumaisc agus in aghaidh trustaí; ag spreagadh an Choimisiúin chun aird a thabhairt ina chuid measúnuithe iomaíochais, ar bhonn gach cáis ar leith, ar fhís níos fadtéarmaí ina gcuimsítear an ghné dhomhanda agus an iomaíocht a d’fhéadfadh a bheith ann amach anseo;

30. ag aontú le CIE go mbaineann an Coimisiún dea-úsáid, ar an iomlán, as a chumhachtaí forfheidhmithe i rialú cumaisc agus in imeachtaí in aghaidh trustaí, cé go bhfuil gá le feabhsuithe i roinnt réimsí;

31. á mheabhrú go mbaineann cuid de na sáruithe is tromchúisí ar dhlí na hiomaíochta le cairtéil;

32. á mholadh go mbreathnófaí ar chleachtais ‘díoth-éadála’ a d’fhéadfadh an nuálaíocht a chur i gcontúirt;

°

° °

33. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig na parlaimintí náisiúnta agus chuig na húdaráis náisiúnta iomaíochta.